



Teideal:	Polasaí Mata	
Daingnithe: 16.6.2026	Cur i bhfeidhm: Láithreach	Athbhreithniú : gach bliain

Réamhrá

Toisc gur Gaelscoil muid múintear chuile ábhair trí mheán na Gaeilge. Chuige sin, rinneadh athbhreithniú iomlán ar theanga na mata sa scoil.

Is ag an gcéim leabú isteach den Curaclam Matamaitic nua. Bhí infheistíochta déanta in ábhar coinnréideach ranga mar seo a leanas:

2024/25 - €700 an seomra ranga

2025/26 - €200 an seomra ranga

Dialann Mata i bhfeidhm i ngach uile seomra ranga ó thús an scoilbhliana 2025/26 agus ar lean le linn na scoilbhliana 2026/27. Lá traenála don fhoireann le Andriú Garnett OIDE faoin gCuraclam Mata 24.2.2026, cuairt scoile 8.6.2026

Tá an mata roinnte ina sé chuid agus tá cuspóirí faoi leith ag baint le gach cuid. Mar fhoireann, phléigh muid aidhmeanna na mata agus d'aontaíomar leis na cuspóirí atá leagtha amach maidir le gach gné den churaclam leasaithe faoi mar a sheasann siad. Chuige sin, claíonn gach múinteoir leis na haidhmeanna agus leis na cuspóirí atá ann do na gnéithe éagsula;

- Forbairt Scileanna
- Uimhreas
- Ailgeabar
- Cruth agus Spás
- Sonraí

Cé gur snáitheanna aonaracha iad déantar gach iarracht comhthathú agus nascanna ciallmhara a dhéanamh le hábhair eile an churaclaim le go gcabhróidh sé go mór leis scil – réiteach fadhbanna.

Fís na Scoile

Tugann Curaclam na Matamaitice deis don pháiste an t-eolas, na coincheapa nua agus na scileanna atá riachtanach i ngnáthchúrsaí na beatha a bhaint amach, agus iad a úsáid i ngnéithe eile léinn. Saibhríonn an Mhatamaitic tuiscint ar an saol ina maireann siad. Cuireadh an phlean seo le chéile chun a chinntiú go mbíonn leanúnachas ann ó thaobh na Matamaitice de ó thús go deireadh saol scoile an dalta.

Réasúnaíocht

Tá súil againn tar éis an athbhreithniú seo a dhéanamh go mbeidh:

- Comhthathú níos fearr ó thaobh múineadh na matamaitice, teanga na matamaitice aontaithe in úsáid sa scoil

- Na treoracha nua atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a leanúint (am breise don Uimhirtheacht san áireamh
- Aitheantas a thabhairt don dul chun cinn atá déanta i múineadh na matamaitice i nGaelscoil Chaladh an Treoigh.

1

Aidhmeanna

Dearcadh dearfach i leith na matamaitice a fhorbairt maraon le léirthuisctint ar a ghnéithe praiticiúla agus aeistéitiúla.

- Go ndéanfaí na cúig shnáithe a fhorbairt go cuí, leanúnach, daighniú rialta a dhéanamh, laigeachtaí a aithint agus freastal orthu.
- Go mbeadh teanga mata caighdeánach in úsáid sna ranganna agus go mbeadh ar chumas an dalta teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach cruinn.
- A chur ar chumas an dalta máistreacht a aimsiú ar úsáid scileanna bunúsacha matamaitice agus ar mheabhrú bunfhóras uimhris.
- Go mbeadh tuisctint ag an ndalta ar choincheapanna agus ar phróisis Matamaiciúla a d’oirfeadh dá leibhéal forbartha is ábaltachta.

Ábhar an Pholasáí

- Snáitheanna agus snáithaonaid
- Cur chuige agus modhanna teagaisc
- Measúnú agus taifead
- Daltaí le riachtanais éagsúla
- Comhionannas agus rannpháirtíocht
- Pleanáil agus eagrúchán
- Obair bhaile
- Achmhainní agus T.F.C.
- Pleanáil agus tuairisciú múinteora
- Forbairt ghairmiúil
- Nascanna leis an mbaile
- Nascanna leis an bpobal
- Crítéir ratha

Snáitheanna agus Snáithaonaid

Snáith	Rang	Snáithaonaid
Luathhgníomhaíoch taí matamaiticúla	● Naíonáin	● Rangú ● meaitseáil ● comparáid a dhéanamh ● cur in ord

Uimhreas	• Naíonáin • Rang I - VI • Rang I - VI • Rang III - IV • Rang V - VI	• Comhaireamh, comparáid & ordú, anailisiú uimhreas • comhaireamh & uimhriú, comparáid & ordú • ionad luach, oibríochtaí, codáin • deachúlacha • deachúlacha & céatadáin, teoiric uimhris
----------	--	---

2

Ailgéabar	• Naíonáin • Rang I - II • Rang II - IV • Rang V - VI	• Patrún a fhorleathnú • patrún a fhorleathnú & a úsáid • uimhir phatrúin & seiceamh, uimhir abairtí • uimhreacha treocha, rialacha & airíonna, athróga & cothromóidí
Cruth & Spás	• Naíonáin – Rang II • Rang I-II • Rang I - VI	• Feasacht ar spásúlacht, cruthanna 2-T & 3-T • Siméadracht & uillinneacha • cruthanna 2-T & 3-T, siméadracht & Uillinneacha
Tomhais	• Naíonáin – Rang VI • Rang I - VI	• Fad, meáchan, toilleadh, am & airgead • Achar
Sonraí	• Naíonáin • Rang I – VI • Rang III - VI	• Sonraí a aithint agus a léirmhíniú • sonraí a léiriú agus a léirmhíniú • Seans

Cur Chuige & Modhanna Múinte

1. Caint agus Díospóireacht

- Plé treoraithe– tugtar seans do na daltaí plé a dhéanamh ar conas a tháinig ar réiteach ar cheisteanna matamaitice.
- Scaffaláil -
- Comhtháthú – Is iomaí deis atá ar fáil le comhtháthú a dhéanamh. Mar shampla...airgead agus deachúlacha. Is féidir mata a chomhtháthú le hábhair eile
- Mar shampla ag bailiú sonraí sa stair agus sa tíreolaíocht, ag tomhais san eolaíocht. Déantar gach iarracht an mata a chomhtháthú.
- Teanga aontaithe - Baineann an múinteoir úsáid as an teanga atá sé/sí ag iarraidh go n-úsáidfeadh na daltaí. Tá sé seo rí-thabhachtach agus fadhbanna á réiteach.

Ag múineadh táblaí:

$3+3=6$	$3-2=1$	$4 \times 3=12$	$12 \div 4=3$
Trí agus a trí sé sin a sé	haon	Ceathar faoi trí sé sin a dó dhéag	Dó dhéag roinnte ar a ceathar sé sin a trí

2. Foghlaim Ghníomhach

Straitéisí Foghlama

3

Suimiú: ó bharr go bun mar shampla 26

+42

—

Deirimid sé agus a dó sé sin a hocht

Dealú: ó bharr go bun mar shampla 43

-26

Deirimid trí tóg a sé

Agus dealú á mhúineadh againn úsáidimid an téarma athainmniú. Ní mór na táblaí a bheith de ghlan mheabhair ag na daltaí sula múintear an modh seo.

• Dealú

MCDA

1 0 0 0

– 7 9

—————

- Cuir luach ar gach uimhir (MCDA)
- Míle: tóg/dealaigh seachtó naoi
- 0 tóg/dealaigh 9 ní féidir: teigh go dtí na deiceanna-déan athainimniú:ní féidir, teigh go dtí na céadta,déan athainimniú:ní féidir, teigh go dtí na mílte, déan athainimniú- scrios amach an taon agus cuir 0 ann, agus tabhair ar aghaidh an taon(míle) go dtí na céadta.

Téigh ar ais go dtí an tús arís

0 tóg/dealaigh 9 ní féidir: teigh go dtí na deiceanna-déan athainimniú:ní féidir, teigh go dtí na céadta,déan athainimniú: scrios amach an 10 agus cuir 9 ann:tabhair ar aghaidh an taon(céad) go dtí na deiceanna.

Téigh ar ais go dtí an tús arís

0 tóg/dealaigh 9 ní féidir: teigh go dtí na deiceanna-déan athainimniú: scrios amach an 10 agus cuir 9 ann, tabhair ar aghaidh an taon(deich) go dtí na haonaid

Téigh ar ais go dtí an tús:

Aonaid: 10 tóg9 sin 1, Deiceanna: 9 tóg 7 sin 2 Céadta: 9

Freagra: 921

• Iolrú

$$\begin{array}{r} 47 \\ \times 56 \\ \hline \end{array}$$

Deirimid...

- 'sé faoi seacht' agus 'sé faoi ceathair'
- Anois taim ag méadú x 50 Cuir síos an náid agus iolraigh faoi cúig
- Cúig faoi seacht' agus 'cúig faoi ceathar'

4

- Suimigh an dá uimhir le chéile chun an freagra a fháil.

– Roinnt: $20 \div 4 =$

Deirimid ceathar isteach ina fiche.

• Codáin: Ag suimiú agus ag dealú codáin

$$\begin{array}{r} 3 - 1 \quad 3 - 2 \quad 1 \\ \hline 4 \quad 2 \quad 4 \quad 4 \end{array}$$

Nó

$$\begin{array}{r} 3 - 1 \quad 3 - 2 \quad 1 \\ \hline 4 \quad 2 \quad 4 \quad 4 \quad 4 \end{array}$$

• Ag suimiú ama: Uair Nóiméad

$$\begin{array}{r} 2 \quad 15 \\ 4 \quad 45 \\ \hline 6 \quad 82 \end{array}$$

→Athraítear go 7 n-uaire 22 nóiméad

• Ag dealú ama: Uair Nóiméad

2 15
- 1 42

→Athraítear é go...

Uair Nóiméad

1 75
- 1 42

0u 33n

5

3. Foghlaim Chomhoibríoch

- Córas 'Stáisiúin Matamaitice ' i bhfeidhm sna ranganna
- Éagsúlacht agus na daltaí á n-eagrú agat – msh., i mbeirteanna, i ngrúpaí, an rang ina iomlán.
- Mata Meabhrach

4. Réiteach Fadhbanna

- Úsáid a bhaint as ábhair choineiréideacha nuair is féidir.
- Baineann na daltaí úsáid as áireamhain i Rang IV, V & VI le fadhbanna a réiteach ● Stratéisí in úsáid – mar shampla BOMDAS

5. Ag Baint Úsáid As An Timpeallacht

- Úsáid a bhaint as riain mata. Déantar iarracht faoi leith rian mata a dhéanamh le linn 'Seachtain Mhatamaitice na hÉireann' agus 'Lá Mata Domhanda'.
- Tá nathair chomhaireamh, cleas na bacóide agus cluichí mata eile sa chlós. ● Bíonn 'Cúinne Mata' i ngach rang .

6. Úsáid TFC

- Tá osteilgeoirí ar fáil i ngach seomra ranga atá ceangailte leis an idirlíon. Baintear úsáid as le Mata a mhúineadh.
- Bogábhair
-

7. Cur i láthair oibre

Feicfidh tú leagan amach na gcóipleabhar sna ranganna sinsíreacha in Aguisín 2

6. Múinteoirí

Tá beirt múinteoirí ar an bhfoireann cáilithe i Mata sa Rang.

Measúnú agus Taifead

- Déantar an scrúdú caighdeánach 'Sigma-T' i mí Bealtaine ó Rang I – VI gach bliain.
- Riarann agus ceartaíonn an múinteoir ranga na scrúdaithe seo. Déantar anailisiú ar na torthaí seo ag an bpríomhoide agus an comhordaitheoir mata. Úsáidtear na torthaí seo chun cinneadh a dhéanamh faoi conas tacaíocht breise mata sa scoil a eagrú.
- Baintear úsáid as breathnóireacht an mhúinteora
- Baintear úsáid as scrúdaithe deartha ag an múinteoir
- Baintear úsáid as measúnú ó bhéal agus mata meabhrach.
- Baintear úsáid as scrúdaithe diagnóiseacha ag na múinteoirí tacaíochta. Ina measc tá Roinntear torthaí na scrúdaithe seo le tuismitheoirí ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí agus sna tuairiscí scoile ag deireadh na bliana.

Daltaí le Riachtanais Speisialta

- Sna ranganna bíonn aidhmeana éagsúla leagtha amach ag an múinteoir le haghaidh páistí le riachtanaisí difriúla.
- Faigheann na daltaí a bhíonn scór faoin 12ú percentíl sna scrúdaithe caighdeánaithe tacaíocht breise sa Mhata

6

Cuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí na ndaltaí a fhaigheann scór 90 pericintíl / Sten 9 sna scrúdaithe caighdeánaithe ar an eolas faoi chúrsaí san Ionad Cumasach Óige na hEireann (CTYI) .

- Le linn ama 'stáisiúin Mata' bíonn na daltaí eagraithe de réir ábaltachta. Déantar gach iarracht taithí a thabhairt dona páistí sna topaicí mata nach bhfaigheann siad ró-mhinic. Déantar daingniú agus dul siar ann freisin.
- Baintear úsáid as ábhair coincréideach nuair is féidir.

Comhionannas agus Rannpháirtíocht

Tugtar deiseanna comhionanna do bhuachaillí agus do chailíní bheith rannpháirteach i gcomhráite, ionramhálacha, cur i láthair ábhair eagsúil. Déantar cinnte go bhfuil teacht ag gach dalta ar sheirbhísí, ar shaoráidí nó ar áiseanna i dtimpeallacht na scoile.

Pleanáil agus Eagrúcháin: Clár Ama

Naíonáin	3 uair agus 25 nóiméad in aghaidh na seachtaine	
Rang I - VI	4 uair agus 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine	

Tá méadú san am tugtha do Mhata de réir an Ciorclán Uimhirtheachta & Litearthachta 0056/2011 agus iad i bhfeidhm ó Eanáir 2012. Tá sé seo san áireamh sa chlár ama thuas. Déantar a mhéadú ama seo a láimhseáil tríd na modhanna seo a leanas:

- Uimhreas a chomhtháthú le hábhair eile
- ag baint úsáid as d'am discréideach
- an uimhreas a chur in ord tosaíochta agus tú ag múineadh

Obair Bhaile

- Tugtar obair bhaile mata go minic i rith na seachtaine.
- Bíonn an obair bhaile seo bunaithe ar obair atá déanta sa rang. Ní thabharfar obair nua dóibh le déanamh sa bhaile.
- Beidh leanúnachas i gceist le hobair bhaile Mata.

- Déantar athbhreithniú ar bhotúin an dalta le cabhrú leo sa phróiseis foghlama. ● Cruthaíonn obair bhaile caidreamh idir an baile agus an scoile mar sin, tá sé tábhachtach teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le teanga na mata atá in úsáid sa scoil agus na modhanna a mbeidh in úsáid le linn na bliana
- Ba chóir na tascanna san obair bhaile a bheith realaíoch, praiticiúil agus ábharach.

Achmhainní agus T.F.C.

- Féach Aguisín 1 an liosta d'achmhainní mata atá againn sa scoil.
- tá an leabhar Mata 'Mata Draíochta' mar aon le 'Figure it Out' ar fáil ar an scéim cíosa ó Rang I – VI .
- Tá teacht ag gach oide ar áiseanna TFC atá ar fáil sa scoil.
- Bogábhair

Pleanáil agus tuairisciú múinteora

- Go mbeadh gach múinteoir eolach ar an bplean mata.
- Tá gach múinteoir freagrach as ucht an phleanáil dá rang féin. Déantar athbhreithniú rialta le 7 linn na bliana.
- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar fhearas mata sa scoil.
- Go mbeadh béim ar leanúnachas modhanna múinte do mhata agus téarmaíocht tríd na scoile agus go mbeadh sé seo pleanáilte
- Cuirfear béim faoi leith ar chomhoibriú idir mhúinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta i bpleanáil scéim oibre na bpaistí a bhfuil riachtainais speisialta acu.

Forbairt Foirne

- Tugtar am ar leith do Mhata a phlé ag cruinnithe foirne.
- Múinteoirí teacht le chéile go rialta chun fadhbanna Matamaitice a phlé
- Múinteoirí a choinneáil ar an eolas faoi acmhainní
- Céardlann Matamaitice stiúrtha ag Cuiditheoir PDST (Deireadh Fómhair 2013) ● Táimid oscailte freastal ar chursaí Mata a chabhródh leis na daltaí a gcuid scileanna a fhorbairt

Nascanna leis an mbaile

- Síniú na dtuismitheoirí / gcaomhnóirí sa dialann obair bhaile.
- Cruinniú tuismitheoirí / múinteoirí
- Roinntear torthaí na scrúdaithe caighdeánaithe le tuismitheoirí / caomhnóirí sna tuairiscí scoile ag deireadh na bliana.

Nascanna leis an bPobal

Tagann cuairteoirí chun labhairt leis na páistí mar gheall ar úsáid mata agus eolaíocht sa saol. sa nuachtlitir ó am go chéile.

Bíonn nodanna/leideanna do thuismitheoirí, conas cabhrú le na bpáistí, sa nuachtlitir ó am go

ham.

16. Daingniú agus Athbhreithniú

Bhí an polasaí seo daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 16.6.2026

Déanfar athbhreithniú air ag cruinnithe foirne go rialta.

Sínithe: *H. O'Callaghan*

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 16.6.2026

Teanga na Matamaitice

Ranganna na Naíonán Beag

Uimhreas	Tomhas	Cruth & Spás	Ailgéabar	Sonraí
céad/dara/ tríú...irl comhaireamh ar aghaidh/siar/ tosaigh ag tacar le/mar an gcéanna níos mó ná/níos lú	Fada. Gearr. Níos faide. Is faide. Níos Giorra. Is giorra. Chun tosaigh. Chun deiridh. Thar. Faoi. Suas. Síos. Ar. In aice. Tiubh. Tanaí. Ard. Is airde/níos airde. Íseal. Níos ísle/is ísle. Leathan. Caol. Níos caoile. Níos leithne ná. Trom. Éadrom.	Cruthanna: cearnóg, dronuilleog, triantán agus ciorcal. An ndéanann sé rolláil? Déanann. Ní dhéanann. An bhféadfaimís tógáil a dhéanamh leis an ábhar? D'fhéadfadh. Ní fhéadfadh. An cuarach atá sé? Is ea. Ní hea.	patrún cóipeáil a leathnú dathaigh/crut haigh cé mhéad? patrún difriúl de...	sortáil i ndá ghrúpa de réir..... cad is fearr leat? An bhfuil go leor? níos mó ná/níos lú ná/cothrom le? cad é an difríocht?

	Níos troime. Níos éadroime. Cothromaíoch t. Meá. Meáchan. Lán. Folamh. Nach mór lán. Nach mór folamh. An níos mó/ lú atá istigh ann? Is níos atá istigh ann. Maidin. Tráthnóna. Oíche. Lá. Am lóin. Am dul a luí. Bricfeasta, dinnéar, suipéar. Moch. Déanach. Laethanta na seachtaine. Laethanta scoile. An deireadh seachtaine. AIRGEAD Ceannach. Díol. Airgead a chaitheamh. Boinn airgid.			
--	---	--	--	--

	Cé mhéad atá ar sin? Dóthain. Tuilleadh. An líon céanna. Tá níos lú/ mó ná ... ann.			
--	--	--	--	--

Teanga na Matamaitice

Ranganna na Naíonán Mór

Uimhreas	Tomhas	Cruth & Spás	Ailgéabar	Sonraí
céad/dara/ tríú...irl comhaireamh ar aghaidh/siar/ tosú ag tacar suimigh cothrom le/mar an gcéanna níos mó ná/níos lú ná/an difríocht idir folamh/nialas	Fad Fada. Gearr. Níos faide. Níos Giorra. Chun tosaigh. Chun deiridh. Thar. Faoi. Suas. Síos. Ar. In aice. chomh fada le/chomh leathan le is faide/is giorra conas is féidir fháil cé acu is leithne cé acu aonaid a úsáidfimid Tiubh. Tanaí.	Cruthanna: cearnóg, dronuilleog, triantán agus ciorcal. Ciúb/ciuoideac h/sféar/sorcóir faobhar/cúinne /aghaidh/díreach/cuar/cruinn /léibhéalta cothrom/slios/ uillinn	patron cóipeáil a leathnú dathaigh/crut haigh cé mhéad patrún difriúl de... cé mhéad uimhir gur féidir a rangú? Can uimhir/cruth ate in easnamh?	sortáil i ndá ghrúpa de reir..... cad is fearr leat? An bhfuil go leor? níos mó ná/níos lú ná/cothrom le? cad é an difríocht?

buile faoi thuairim Sraith Móide, cothrom le, déan deighilt, suimigh, uimhreach a 6-10, (10-20 ó bhéal) Réiteach fadhbanna; comhair, cé mhéad, níos mó, níos lú, cludaithe, folamh, lán áiritheoirí.	Ard. Íseal. Leathan. Caol. Níos leithne ná.. Am Maidin. Tráthnóna. Oíche. Lá. Am lóin. Am dul a luí.Moch. Déanach. Laethanta na seachtaine. Míonna na bliana Séasúir Lá breithe Féilte Ócáidí Uair Clog/lámh mór/lámh beag/ dén t-am é? Laethanta scoile. An deireadh seachtaine. Méachan Trom. Éadrom. Níos troime. Níos éadroime. Cothromaíocht. Meá. Meáchan. Toilleadh Lán. Folamh. Nach mór lán. Nach mór folamh. An níos mó/ lú atá istigh ann? Is níos atá istigh ann. Soithigh An méid is mó?	cé mhéad cruth éagsuil gur feidir leat... An ndéanann sé rolláil? Déanann. Ní dhéanann. An bhféadfaimís tógáil a dhéanamh leis an ábhar? D'fhéadfadh. Ní fhéadfadh. An cuarach atá sé? Is ea. Ní hea.		
---	---	--	--	--

	Conas is féidir linn toilleadh...? Taespúnóg/cupán/cr uiscín Ceannach. Díol. Airgead a chaitheamh. Boinn airgid. Cé mhéad atá ar sin? Dóthain. Tuilleadh. An líon céanna. Tá níos lú/ mó ná ... ann. Costas Praghas, saor/daor Sóinséail, an iomad gan go leor cé mhéad ar sin?			
--	--	--	--	--

Teanga na Matamaitice

Rang a hAon

Uimhreas	Tomhas	Cruth & Spás	Ailgéabar	Sonraí
cead, dara, triú .. Difríocht idir Cé mhéad atá fágtha? Cé mhéad níos lú atá ag.. ná...? Cé mhéad níos lú atá ar..? Cothrom le	Níos faide. Níos Giorra. Chun tosaigh. Chun deiridh. Thar. Faoi. Suas. Síos. Ar. In aice. Idir. Timpeall, tríd. clé. deis. Tiubh. Tanaí. Ard. Íseal. Leathan. Caol.	Cruthanna: cearnóg, dronuilleog, triantán agus ciorcal. An ndéanann sé rolláil? Déanann. Ní dhéanann. An bhféadfaimís tógáil a	Réuimhir Corruimhir	An toradh is fearr... An méid páiste is fearr .. Cé mhéad páiste sa bhreis An líon is mó An líon is lú Blocghraf

Iomlán, Mar an gcéanna , Sin a Suimiú Suimigh Níos mó Móide Déan Suim Aonaid Deicheanna Dealú Dealraith Lúide Fágtha Níos lú Bain Tóg	Níos leithne ná.. Trom. Éadrom. Níos troime. Níos éadroime. Cothromaíoch t. Meá. Meáchan. Lán. Folamh. Nach mór lán. Nach mór folamh. An níos mó/ lú atá istigh ann? Is níos atá istigh ann.Maidin. Tráthnóna. Oíche. Lá. Am lóin. Am dul a luí. Moch. Déanach. Laethanta na seachtaine. Laethanta scoile. An deireadh seachtaine. Ceannach. Díol. Airgead a chaitheamh. Boinn airgid. Cé mhéad atá ar sin?	dhéanamh leis an ábhar? D'fhéadfadh. Ní fhéadfadh. An cuarach atá sé? Is ea. Ní hea. thar, faoi, in aice, i bhfad, clé, deis, cuar, cúinne, aghaidh, díreach Comh fada/ tiubh le ciorcal, leathciorcal ciúb, ciúboideach, sorcóir, sféar		Tá níos mó/lú ____ ná mar atá ag ____
Leath				
Iomlán Ar fad Cé mhéad níos mó chun... a dhéanamh? Cé mhéad níos mó atá ag.. ná..? Cé mhéad níos mó atá ar..?				
Tóg leat an deich Chur suas an deich				

	Dóthain. Tuilleadh. An líon céanna. Tá níos lú/ mó ná ... ann. costas, daor/saor, soinseál/boinn / cent fad, leithead, airde, Meadar Uair an chloig, Leathuair tar éis, féilire Seasúr			
--	---	--	--	--

Teanga Mata - Rang 2

Uimhreas	Sonraí	Tomhais	Cruth & Spás	Ailgéabar
Suimigh Agus Móide San iomlán Le chéile Dealaigh Lúide Tóg Bain ___ ó ___ Fágtha	Pictagram Blocgraf Sa bhreis Níos lú Níos mó San iomlán Aon chéim Is fearr leo, pictagram, suirbhé, roghnaigh,	Am A chlog $\frac{1}{2}$ uair tar éis $\frac{1}{4}$ tar éis $\frac{1}{4}$ chun 30 nóiméad 60 nóiméad Snáithidí Lámha Meáchan $\frac{1}{4}$ kg	2T Ciorcal Dronuilleog Triantán Cearnóg Ubhcruth Leathchiorcal Slios 3T Ciúb	Pátrúin uimhreacha 100 cearnóg Corruimhreacha Réuimhreacha Pátrún, corr, ré-uimhir, uimhreacha, grúpaí, ar iarraidh, réidh,

Sa bhreis Difríocht Céadta, deicheanna, aonaid Níos mó Níos lú Cothrom le Meastacháin Comhair Tacar Líon Méid Clár nodaireachta Abacas Uimhirscéalta Uimhirlíne Céad cearnóg Slánú Codáin Leath Ceathrúna Athainmniú I gcomparáid Suimiú leantach Dónna Tríonna Ceathaireanna Cúigeanna Séanna Deicheanna	is mó a thaitin, is lú a thaitin, blocghraf, an líon céanna, tóir, scór,	$\frac{1}{2}$ kg Gram Cileagram Toilleadh Mililítear Lítear $\frac{1}{2}$ lítear $\frac{1}{4}$ lítear Soitheach Leacht	Ciúboideach Sorcóir Sféar Cón Aghaidh Rinn faobhar rolladh Cuarach Sleamhnú Uilleannacha Uillinn Ceathrú casadh Leathchasadh Casadh iomlán Dronuillinn Siméadracht Siméadrach Líne shiméadrachta	dear, siombailí, críochnaigh, céad-chearnóg, sraitheanna, colúin, digit, thuas, thíos, ar dheis, ar chlé, riail, líon, lean.
--	---	---	--	---

Teanga na Matamaitice - Rang a 3

	Uimhreas	Ailgéabar	Cruth agus Spás	Tomhais	Sonraí
Meán Fómhair	Dul Siar Ionadluach- Meastúchán a dhéanamh Suimiú leantach Dealú dhá dhigit 7 trí dhigit, léaráidí dealaithe roinnte Uimhreacha Móra	Abairtí Focail		Am: Laethanta na Seachtaine, Míonna, Séasúir (dul siar)	

Deireadh Fómhair	Iolrú - suimiú leantach, Grúpaí de 2,4,8, 3,6,9, 5,10 iolrú a dhéanamh faoi 0 Comhroinnt chothrom roinnte, léaráidí dealaithe leantacha	Abairtí Focail - nasc le hiolrúchán			Picteagraim Teailí a choinneáil Suirbhéanna Barrachairt Blocgraif
Samhain	Iolrú (2x,4x,8x) Roinnt le fuilligh Codáin ($\frac{1}{2}$, $\frac{1}{4}$, $\frac{1}{8}$) ordú coibhiseach, balla codáin Meastchán nascaithe le Fad Suimiú dealú			Fad méadar, ceintiméadar, meastachán / comparáid/ tomhas / taifeadadh / athainmniú, tascanna praicticiúla agus fadhbanna	
Nollaig	Codáin ($\frac{1}{2}$, $\frac{1}{4}$, $\frac{1}{8}$)	Uimhirphátrú in Phátrúin (0-999),		Am: Ant- Am a léamh agus a chlarú in achair de 5nd. ar a chloig analacháide agus dhigiteacha Uair Leathuair Ceathrú chun Ceathrú tar éis Tar éis chun	
Eanáir	Dul siar Iolrú Roinnt			Achar: Cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas,a chur i gcomparáid, a thomhas	
Feabhra	Codáin (deichiú) Iolrú: Méadaoigh faoi 10, 2 dhigit, 3 dhigit, 3 dhigit x 1 dhigit		Siméadrach t Aitihn agus tarraing Teisiliú	Fad 2 : méadar, ceintiméadarmeas tachán / comparáid/ tomhas / taifeadadh / athainmniú, tascanna	

				praiticiúla agus fadhbanna	
Márta	Iolrú Roinnt Meastachán - slánú Deachúlacha: deichithe, déan comparáid agus ordaigh, fadhbréiteach	Patrúin uimhreach timpeallachta Rialacha 100 - seicheamh cearnach. Firicí uimhreach	Cruthanna 2-T Cruthanna 3-T Ainmniú dhá thóiseach agus tríthóiseac h agus tuairisciu.T eisiliú 7 Pátrúin. Tascanna praiticiúla agus fadhbanna.	Toilleadh lítir, millilítir suimeanna a shuimiú agus a dhealú níos lú ná 1000	Meáchan g agus kg, tomhas ,meastachán, taifeadadh, fadhbréiteach
Aibreán	Roinnt le fuilleach agus gan fuilleach Suimiú is dealú nascaithe le tuilleadh		Línte agus Uillinneacha línte cothromána cha, ceartringea racha, comhthreo mhara. Dronuillinn. maoluillinn, géaruillinn	Airgead boinn airgid agus taifeadadh, fadhbanna le céim amháin is le dhá chéim	
Bealtaine	Iolrú			Airgead boinn airgid agus taifeadadh, fadhbanna	Seans Stór focal, dealraitheacht teagmhais, torthaí na bpróiséas ranadamacha a aithint agus a thairfeadadh.
Meitheamh	Dul siar				Gach Snáithe

Rang a 4

<u>Cruth agus Spás</u>	Uimhreas	<u>Sonraí</u>	Ailgéabar	Tomahis
cothrománach	Clár nodaireachta,		Seiceamh	Meadair,
Géaruillinn,	is gaire,	Suirbhe,	Uimhir abairt	ceintiméadair,
dronuillinn,	athghrúpáil,	Teailí,	Uimhirphatrún	imlíne,
maoluillinn,	Suimiú	barrachairt chothromanach,	Ag dul i méid	snáithis bheag,
uillinn dhíreach,	dealú,	barrachairt ingearach,	ag laghdú	snáthaid mhór,
uillinn athfhillteach,	sa bhreis,	barraghraif líneach,		nóiméad,
rothlú iomlán	iolrú,	Píchairt		soicind,
céim	meadaigh,	seans		uair a chloig,,
ingearach	roinn,	Dóchúil,		i gceann,
Cearnóg,	tacar,	neamhdhóchúil,		Méadar cearnach,
rombas,	Trian,	riamh,		achar dromchla,
dronuilleog,	tríú,	cinnte		cm cearnach,
comhthreomharán,	séú,			imlíne
pinteagán,	aonad,			ciliméadar
heicseagán	naoú,			meachán,
ochtagán.	dódhéagú,			graim,
Triantán comhchosach,	ciúgiú,			cileagraim
triantán comhshleasach,	deichiú,			scálaí,

triantán scaileánach,	Digití,			scálaí cistine,
uilinn,	pointe deachúla, ponca,			ainsiléad
slios,	slánú,			lítear
Rinn,,	meastúchán,			milíítear
faobhar,	athainmniú			leacht
aghaidh,	fágtha			
ciúb,	fuilleach			
ciúbóideach				
sorcóir,				
pirimid				
priosma,				
sféar,				
cón,				
líonta				
teisiliú				
fiarach				
comhthreom har				

Rang a 5

<u>Uimhreas</u>						
<i>Ionadluach</i>	<i>Oibríochtaí (suimiú agus dealú)</i>	<i>Iolrú</i>	<i>Roinnt</i>	<i>Codáin</i>	<i>Deachúlach a agus ceatadáin</i>	<i>Teoiric uimhris</i>

Aonad, deich, céad, míle, deich míle, uimhir, figiúirí, athainmniú, grupaí, athghrúpáil , luach	Suimigh, dealaigh, comhaireamh, le chéile, agus, moide, luide, cothrom le, níos mó, comhartha, léim, iomlán, meastúchain, difríocht idir, comparáid,	Grúpaí cothrom de, fá, iolraigh fá, méadaigh , méid, meastúch áin, meadú fada, áireamháin, áit déachúlacha	Roinn, go cothrom, comhroinn, grúpaí de, dealúleantach, cé méid uair?, fuilleach, fágtha, meastúchain , áit deachúlacha , slánaigh, iolraithe	ainmneoir, uimhreoir, codáin meascaithe , leaschodáin , deichithe, ceadaithe, milithe, cóibheis	ceadaithe, méid faoin gcéad, ord, pointe deachúla, áit deacúlacha	Corruimhir, réuimhir, cearnaithe, triantánach, dronuilleogach, ilchodach, príomha, factóirí, iolraithe, leantach, roinnte ar, roinnteoirí
--	---	---	--	---	---	--

Algéabar

<i>Uimhreacha Treocha</i>	<i>Rialacha agus airíonna</i>	<i>Cothromóidí</i>				
deimhneach , diúltach, teocht, teirmimead ar, ardú, islú, I gcomparáid, I bhfiacha, iarmhéid	fráma, patrún, seiceamh, ord, cur síos ar, siombal, comhartha, luachanna, airíonna, lúibíní, tearmaí, meas/tuar	fráma, patrún, abairtí, ord, cur síos ar, fíor, bréagach, cothromóid, abairt oscailte, anaithid				

Cruth agus Spás

<i>Cruthanna 3-T</i>	<i>Línte agus uillinneacha</i>	<i>Cruthanna 2-T</i>
Solad, priosma, priosma triantánach, pirimid, ciúb, ciúbóid, sorcóir, sféar, cón, aghaidheanna, rolla, sleamhnú, ciorclach, cuartha, polaihéadrán, teitrihéadrán	uillinn, rinn, dronuillinn, ingearach, cothromónach, comhthreomhar, rothlú, ar deiseal, tuathalach, níos mó ná, níos lú nám géaruillinn, maoluillinn, uillinn athfhillteach, trasnán, treo, céimeanna, uillinntomhas	Cearnóg, dronuilleog, triantán, ubhchruth, ciorcal, leathchiorcal, méid, rinn, slí, slios, faobhar, díreach, cuartha, maol, pointe, taobh, teisiliú, comhcheangailt, tóg, dear, rombus, comhtreomharán, heicseagáin, traipéisiam,

		ochtagáin, peinteagáin, comhchosach, comhshleasach, scáileánach, dronuillinn, ceatharsleasáin, polagáin, rialta, neamhrialta, tangraim
--	--	--

Tomhais

Sonraí

Teanga Mata Rang a 6

<u>Cruth agus Spás</u>	<u>Uimhreas</u>	<u>Sonraí</u>	<u>Ailgéabar</u>	<u>Tomhais</u>
Triantán, comhshleasach, comhchosach, corrshleasach, ceathairshleasán , comhthreomhará n, dronuilleog, traipéisiam, cearnóg, rombas, eitleog, ciorcal, trastomhas, ga, imlíne ar fhad/ar leithead, rialta, neamhrialta.	Corruimhir, ré- uimhir, uimhir phríomha, uimhir ilchodach, uimhir chearnach, fachtóir, il- uimhreacha, uimhir earra, uimhir fréimhe cearnaí, easpónant.	an Meán, faoi bhun an mheáin, os cionn an mheáin, iomláin, grúpa, cé mhéad atá sa ghrúpa? Seans, cén seans?, b'fhéidir, Níl seans ar bith ann, ar éigean, seans cothrom, an-seans,cinnte, ráiteas, dóchúil, neamhdóchúil,	Cothromóidí athróga Siombail/comhar thaí Luach na litreach Is ionann Réitigh Is eol dúinn Oibrigh amach	Fad, Aonaid tomhas, méadair, ceintiméadair, milliméadair, ciliméadar, imlíne, trastomhas, imlíne ar fhad/ar leithead, toisí, scálaí.

Uillinn, céimeanna, rothlú, treo, dronuillinn, géar, maol, uillinn dhíreach, athfhilleadh, cothromán, ceartingear, ingear, comhthreomhar, triantán, ceathairshleasán .	Codán, Deachúil, Céatadán,Uimhre oir, ainmneoir, coibhéis, míchuí, uimhir mheasctha, comhainmneoir is lú, simpligh, cóimheas, comhréir, ainmneoir coiteann is lú	Barrchairt, líon, sórt, an líon is mó, an líon is lú, meánlíon, treoghráf, an treocht, píchairt, torthaí	Uimhreacha, deimhneacha agus diúltacha, comhartha deimhneach, comhartha diúltach, Céim celsius,Uimhirlín e, amlíne, RC, AD, Uimhireacha treocha, Cé acu is mó?, cé chomh fada ó náid	Uaireanta, nóiméid, soicindí, criosanna ama, domhanfhad, GMT, An Dátlíne Idirnáisiúnta, Cláir ama, amanna teacht isteach agus imeachta, meánluas, fad, cairteacha faid, stopuaireadóir
Polaihéadrán, Polaihéadrán rialta, Ochtaihéadrán, eangach, aghaidh, barr, taobh	Digití, pointe deachúlach, ionaid dheachúlacha shlánaithe, meastachán, Móide lúide	toradh, cén seans go bhfaighidh mé/tú?, ag caitheamh, díslé, Tá X seans i Y go bhfaighdfidh tú Z, Cé mhéad, Níl ach slí amháin chun..., tá X slí chun Y a fháil,	Abairt matamaiticiúil, méid nach eol dúinn, uimhir/méid nach bhfuil a fhios againn, faigh luach na litreach	Praghsáil aonaid, luach, lascaine, bunphraghas, praghas díola, méadú/laghdú céatadáin, cáin bhreisluacha, brabús agus caillteanas, airgeadra, ráta malairte.